

Agallamh leis an gCoimisinéir Teanga – Meon Eile

Sílim go ndéanann sé maitheas do dhuine treo iomlán éagsúil eile a thógáil sa saol. Is cuimhin liom m'athair, nuair a bhí mé óg, ag caint faoi chúrsaí Gaeilge agus cúrsaí cearta teanga agus bhí an-t-ádh agus bhí an-spéis aige ann. So as sin is dóigh a mhúscaíl sé sin spéis ionamsa. Ceithre bliana ó shin a ceapadh mé ar dtús mar Choimisinéir Teanga, ceann de na rudaí ba chumhachtaí dhom ó thaobh cinneadh a thógáil imeacht ón iriseoireacht agus dul leis an job mar Choimisinéir Teanga ná an deis a bheadh ann dom tionchar a imirt ar chúrsaí. Mar iriseoir is féidir tionchar a bheith agat ach an príomhról atá agat ná inseacht don phobal céard atá ag tarlú agus céard atá feicthe agat tríd do shúile fhéin agus céard a cheapann tú atá ag tarlú taobh thiar don méid atá ráite agus anailís a dhéanamh air sin.

Mar Choimisinéir Teanga bhraith mé go mbeadh deis agam agus creidim go bhfuil deis agam tionchar a imirt ar chúrsaí, go bhfuil deis agam cosaint a dhéanamh ar chearta teanga, seasamh le daoine atá ag lorg a gcearta teanga. Mar thuismitheoir freisin is dóigh gur inspioráid iad do ghasúir i gcónaí ó thaobh go bhfuil tú ag iarraidh go mbeidh, nuair a bhí mise ag fás aníos ar an gCeathrú Rua bhí sé an-éasca Gaeilge a labhairt an t-am ar fad agus tá i gcónaí, ach bheinn ag súil go leanfadh sé sin ar aghaidh, so sin ceann de na -inspioráidí, go mbeadh na buntáistí céanna acu siúd ó thaobh an Ghaeilge dhi i gceantar láidir Gaeltachta, go dtabharfaí é sin ar aghaidh don chéad ghlúin eile.

D'éirigh Seán Ó Cuirreáin, an chéad Coimisinéir Teanga as mí Feabhra 2014 agus thosaigh mise mí Márta 2014 agus is cuimhin liom Seán a bheith ag caint nuair a bhí sí ag éirí as gur bhraith sé go raibh an easpa tacaíochta ón státchóras ann don chuid is mó sílim, sílim go bhfuil sé sin fós le brath faraor in áiteachaí nach bhfuil an stráitéis taobh thiar do chur chun cinn na Gaeilge sách láidir ó thaobh reachtaíocht láidir a chur isteach agus cearta láidir reachtaíochta a bhronnadh ar dhaoine. Tá súil a'm gur féidir é sin a chur ina cheart le Acht nua. Tá geallta go mbeidh Bille nua á fhoilsiú sna seachtainí nó sna míonnaí amach romhainn agus bheinn ag súil go ngabhfaidh sé sin i ngleic le cuid de na deacrachtaí atá ann ach an fhadhb leis sin ar fad ná go bhfuil t-am ag sleamhnú an t-am ar fad agus go bhfuil an brú ag leanacht an t-am ar fad ar an nGaeilge agus go bhfuil daoine ag dul i dtaithí níos mó agus níos mó gnó a dhéanamh trí Bhéarla leis an Stát seachas trí Ghaeilge mar feiceann siad go bhfuil constaicí agus dúshláin mhóra ag baint leis sin, so tá práinn ag baint lena leithéid. Ó thaobh an Oifig fhéin tá muid ag treabhadh linn ó thaobh na hoibre de agus ó thaobh na gearáin de, rud amháin is dóigh a chuireann, ní inní orm ach rud amháin a thugaim suntas dó is dóigh, ná go bhfuil na gearáin céanna le feiceáil, in ainneoin gur tháinig an tAcht i bhfeidhm in 2004 agus gur tháinig go leor do na dualgaisí i bhfeidhm thar na blianta 2006 agus 2009 ó thaobh comharthaíocht agus stáiseanóireacht, fógairtí taifeadta béil, cumarsáid i nGaeilge, fós feicim go bhfuil na botúin céanna ag tarlú sách rialta, fós tarlaíonn sé corrúair, tá feabhas tagthaí ar chúrsaí ó thaobh na cearta sin ach fós tarlaíonn sé, mar shampla, go mbíonn roinnt comhlachtaí poiblí ag freagairt cumarsáid i nGaeilge i mBéarla agus ní dóigh liom gur cheart go mbeadh sé sin ag tarlú héis an oiread go bhlianta don Acht a bheith i bhfeidhm.

Tá pobal láidir teanga fós ann sa Ghaeltacht, tá pobal láidir teanga taobh amuigh don Ghaeltacht sna ceantair uirbeacha go mór-mhór i gcathair Bhleá Cliath mar shampla, i mBéal Feirste agus sna scoileannaí lán-Ghaeilge agus...gur...agus an feachtas a d'eascair as sin ó thaobh cearta teanga go bhfuil sé sin lonnaithe go láidir i fréamhachaí na scoile, creidim gur ansin sna fréamhachaí sin a dtagann an t-inspioráid is mó agus is tábhachtaí do dhaoine.

An job is dóigh atá a'msa is dóigh mar Choimisinéir Teanga sa gcéad dhul síos ná nuair a dhéanann daoine gearáin liom, bíodh siad ón Gaeltacht nó sna cathair sna ceantair uirbeacha,

go bhfiosróinn é sin ar na céard iad na dualgaisí atá ann, an dualgas is dóigh atá ar an Stát feictear dhomsa ná, i mbliain na Gaeilge, go ndéarfaidh siad go sonrach go bhfuil siad chun seasamh leis an bpobal Gaeilge, go bhfuil siad chun tacú leo, go bhfuil siad chun cabhrú leo sna hiarrachtaí deonacha atá ar bun acu siúd an Ghaeilge a choinneáil beo, bíodh sé sin sa bpleanáil teanga, bíodh sé sin sa Pop-Up Gaeltacht, *you know* tá an obair sin ar siúl go deonach go minic. Ba cheart chomh maith go mbeadh an Stát ag seasamh leo agus ag rá tuigeann muid do chás, tuigeann muid gurb í an Ghaeilge an chéad teanga oifigiúil sa Stát agus mar gheall air sin tá muide chun seasamh libh agus an teachtaireacht atá a' msa is dóigh don Rialtas agus don Stát ná an bealach leis sin a dhéanamh nó ceann de na bealaí é sin a dhéanamh ná an tAcht Teanga atá ann faoi láthair a leasú agus a láidriú, go mbeidh reachtaíocht teanga atá ann atá oiriúnach agus atá feiliúnach agus atá ag tabhairt cosaint do dhaoine agus do na cearta teanga atá acu.